



An spealladh mór ar an daonra in Éirinn



Foinse: London Illustrated News, 1851 © British Library

Sa 19^ú haois agus i dtús an 20^ú haois, tharla oll-imircí ón Eoraip go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a bhí daoine ag éalú ó chogaí agus ó chruatan polaitiúil agus eacnamaíochta





ÁRAS STAIR NA HEORPA

Giúdaigh i scuaine lasmuigh d'oifig taistil Palestine & Orient Lloyd, agus iad ag súil le dul ar eisimirce ón nGearmáin, 1939



Foinse: © SZ Photo/Scherl/ Bridgeman Images

Leis na réimis ollsmachtacha a bhí san Eoraip i rith an 20ú haois, b'éigean do na milliúin duine a dtithe a fhágáil chun teacht ar ionad sábháilte in áit éigin eile



Daoine as Maracó agus as an Ailgéir ag dul tríd an ionad custaim ag Marseilles, 1945



Foinse: Hulton-Deutsch Collection © CORBIS RM / Belgaimage

I ndiaidh ollscrios an Dara Cogadh Domhanda, bhí an Eoraip ag brath go mór ar obair na n-imirceach ó thír isteach chun go bhféadfaí atógáil a dhéanamh ar gach a raibh scriosta ar fud na mór-roinne



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Teaghlach d'aoi-oibrithe ón Tuirc ag déanamh an dinnéir, An Ghearmáin, 1971



Source: Bettmann © CORBIS RM / Belgaimage

Chuir go leor aoi-oibrithe fúthu sna háiteanna nua agus tháinig siad chun bheith ina saoránaigh de na tíortha sin



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Heinz Meixner in éineacht leis an mbean a bhfuil sé geallta léi agus a máthair siúd, Frau Tharau. Taispeánann siad an chaoi ar shocraigh siad iad féin sa charr den déanamh Austin-Healy Sprite chun tiomáint go dtí an taobh eile de Bhalla Bheirlín i 1965



Foinse: [International Business Times](#) © Getty Images

Leis an Eoraip roinnte go dtí 1991, bhí na mílte duine ag cur a mbeatha i mbaol agus iad ag éalú ón Oirthear go dtí an tIarthar chun go mbainfidís saol níos fearr amach dóibh féin

Cruthaigh scéilín faoi charachtar ficseanúil bunaithe ar na híomhánna seo, ag smaoineamh duit ar na rudaí seo a leanas:

- Tabhair ainm don charachtar agus inis cén tír as a dtagann sé nó sí.
- Cén fáth a bhfuil an carachtar ag dul ar imirce?
- Cad iad an dá ítim fhíor-riachtanacha a thugann sé leis nó léi ar an turas, agus cén fáth?
- Cad iad na nithe a mbeidh aiféala air nó uirthi iad a fhágáil ina dhiaidh nó ina diaidh?